AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2025
COM(2025) 394 final

2025/0212 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le glacadh cinnidh i dtaca le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadaítear do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar faoi *Caribbean Basin Economic Recovery Expansion Act* (CBERA) de chuid na Stát Aontaithe

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) i ndáil le cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh chun tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadaítear do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh tíortha agus críocha is tairbhithe de chuid Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib arna n-ainmniú de bhun fhorálacha an *Caribbean Basin Economic Recovery Act, 1983*, arna leasú leis an *Caribbean Basin Economic Recovery Expansion Act, 1990* (CBERA) go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tháinig Comhaontú Marrakech i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú WTO').

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa Chomhaontú.

2.2. Comhdháil Aireachta agus Comhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála

De bhun mhír 1 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, tá sé d'údarás ag an gComhdháil Aireachta cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

De bhun mhír 2 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, le linn na dtréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta a dhéanann feidhmeanna na Comhdhála.

De bhun mhír 1 d'Airteagal IX, is de chomhthoil a dhéanann EDT na cinntí de ghnáth.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhairle Ghinearálta EDT

De bhun mhír 3 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT, féadtar oibleagáid a fhorchuirtear ar chomhalta a tharscaoileadh in imthosca eisceachtúla.

Mar thoradh ar iarraidh ó na Stáit Aontaithe, tá Comhairle Ghinearálta EDT le cinneadh a ghlacadh tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadófar do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a chur ar fáil do tháirgí incháilithe de thionscnamh tíortha agus críocha is tairbhithe de chuid Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib faoi CBERA, de bhun mhíreanna 3 agus 4 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT (an 'gníomh atá beartaithe').

Tá an iarraidh bunaithe ar tharscaoileadh atá ann cheana le haghaidh CBERA a rachaidh in éag an 30 Meán Fómhair 2025. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe tarscaoileadh nua a dheonú faoin 30 Meán Fómhair 2030 de réir iarraidh na Stát Aontaithe (G/C/W/870).

An gníomh atá beartaithe, is gníomh é a bheidh ina cheangal ar Chomhaltaí EDT i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal IX, chomh maith le mír 2 d'Airteagal II de Chomhaontú EDT, lena bhforáiltear na nithe seo a leanas: 'Is codanna lárnacha den Chomhaontú seo iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá san áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 <...>, agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile'.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

D'iarr na Stáit Aontaithe tarscaoileadh EDT ar a gcuid oibleagáidí faoi mhír 1 d'Airteagal I den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (CGTT 1994) agus faoi mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal XIII de GATT 1994 chun cead a thabhairt do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh thíortha agus chríocha Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib ('tíortha is tairbhithe') faoi CBERA go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

Chuir na Stáit Aontaithe an iarraidh isteach de bhun mhíreanna 3 agus 4 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT. Tugann na Stáit Aontaithe údar leis an iarraidh le leitheadúlacht ard na bochtaineachta agus na héagobhsaíochta atá ann i dtíortha Imchuach Mhuir Chairib, agus tugann siad dá n-aire go bhfuil ionchais eacnamaíocha do na tíortha beaga sin níos casta mar gheall ar a soghabháltacht i leith tubaistí nádúrtha. Trí bhíthin tairbhí faoi CBERA, tá sé beartaithe deiseanna eacnamaíocha a leathnú agus rannchuidiú le réigiún níos cobhsaí agus níos rathúla a bhaint amach.

De réir na Stát Aontaithe, níor cheart don chóir saor ó dhleacht dá bhforáiltear faoi CBERA dochar a dhéanamh do leasanna Comhaltaí eile nach dtairbhíonn den chóir sin, agus meastar nach mbeidh leathnú na córa saor ó dhleacht sin ina chúis le hatreorú suntasach ar allmhairí na Stát Aontaithe atá incháilithe faoi CBERA de thionscnamh Comhaltaí nach tíortha tairbhíocha iad.

Tá an iarraidh sin bunaithe ar tharscaoileadh atá ann cheana le haghaidh cóir fhabhrach taraife faoi CBERA, a deonaíodh ar dtús an 15 Feabhra 1985 le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 1984 go dtí an 30 Meán Fómhair 1995[1], agus atá i bhfeidhm faoi láthair go dtí an 30 Meán Fómhair 2025.

Léiríonn iarraidh na Stát Aontaithe go ndeachaigh an *Haitian Hemispheric Opportunity through Partnership Encouragement Act, 2006*, an *Haitian Hemispheric Opportunity through Partnership Encouragement Act, 2008*, agus an *Haitian Economic Lift Program Act, 2010* ('CBERA arna leasú') in éag;

Ní bheadh tionchar diúltach ag deonú an tarscaoilte ar gheilleagar an Aontais ná ar an gcaidreamh trádála le tairbhithe an tarscaoilte sin. Thairis sin, tacaíonn an tAontas le gníomhaíochtaí i gcoinne na bochtaineachta agus le gníomhaíochtaí ar son na cobhsaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh ag an Aontas laistigh den Chomhairle Ghinearálta tacú leis an iarraidh ar tharscaoileadh.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht

[1] (BISD 31S/20).

cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[2].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhairle Ghinearálta EDT a bunaíodh le comhaontú, eadhon Comhaontú EDT.

An gníomh a iarrtar ar an gComhairle Ghinearálta a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal II agus mír 3 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, ba cheart a bheith ina bunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar forálacha an Chomhaontaithe EDT a mhéid a bhaineann le tarscaoileadh le gníomh ó Chomhairle Ghinearálta EDT, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

[2] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le glacadh cinnidh i dtaca le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadaítear do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar faoi *Caribbean Basin Economic Recovery Expansion Act* (CBERA) de chuid na Stát Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Comhaontú Marrakech i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú WTO').

(2) De bhun mhír 2 d'Airteagal II de Chomhaontú EDT, 'is codanna lárnacha den Chomhaontú seo iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá san áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 ('Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha') agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile.'

(3) I gcomhréir le mír 3 d'Airteagal IX, féadfaidh an Chomhdháil Aireachta a chinneadh, in imthosca eisceachtúla, oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó ag aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.

(4) Leagtar amach i míreanna 3 agus 4 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT na nósanna imeachta maidir le tarscaoileadh a dheonú maidir leis na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha in Iarscríbhinn 1A nó 1B nó 1C a ghabhann le Comhaontú EDT agus a gceangaltáin.

(5) De bhun mhír 1 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, beidh sé d'údarás ag an gComhdháil Aireachta cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

(6) De bhun mhír 2 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, sna heatraimh idir cruinnithe Chomhdháil Aireachta EDT ('an Eagraíocht Dhomhanda Trádála'), comhlíonfaidh Comhairle Ghinearálta EDT a feidhmeanna.

(7) De bhun mhír 1 d'Airteagal IX, is de chomhthoil a dhéanann EDT na cinntí de ghnáth.

(8) Deonaíodh tarscaoileadh oibleagáidí do na Stáit Aontaithe faoi mhír 1 d'Airteagal I de CGTT 1994 an 15 Feabhra 1985, don tréimhse ón 1 Eanáir 1984 go dtí an 30 Meán Fómhair 1995. An 15 Samhain 1995, rinne Comhaltaí EDT an tarscaoileadh a athnuachan tríd an 30 Meán Fómhair 2005, agus arís an 29 Bealtaine 2009 go dtí an 31 Nollaig 2014. An 5 Bealtaine 2015, chuir Comhaltaí EDT síneadh leis an tarscaoileadh i leith mhír 1 d'Airteagal I de GATT 1994 agus leathnaigh siad an tarscaoileadh chun míreanna 1 agus 2 d'Airteagal XIII de GATT a chumhdach go dtí

an 31 Nollaig 2019, a mhéid is gá do na Stáit Aontaithe chun cóir saor ó dhleacht a sholáthar le haghaidh allmhairí táirgí incháilithe de thionscnamh tíortha is tairbhithe arna n-ainmniú de bhun fhorálacha CBERA, táirgí de thionscnamh tíortha is tairbhithe arna n-ainmniú de bhun fhorálacha CBERA, agus leathnaigh na Comhaltaí an tarscaoileadh i leith mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal XIII de GATT 1994 an 17 Deireadh Fómhair 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, a mhéid is gá do na Stáit Aontaithe chun cóir saor ó dhleacht a sholáthar le haghaidh allmhairí táirgí incháilithe de thionscnamh tíortha is tairbhithe arna n-ainmniú de bhun fhorálacha CBERA.

(9) De bhun mhíreanna 3 agus 4 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT, chuir na Stáit Aontaithe iarraidh isteach ar an gComhairle Ghinearálta cinneadh a dhéanamh tarscaoileadh EDT a dheonú chun cead a thabhairt do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh thíortha agus chríocha Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib faoi CBERA go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

(10) Tugann na Stáit Aontaithe údar leis an iarraidh le leitheadúlacht ard na bochtaineachta agus na héagobhsaíochta atá ann i dtíortha in Imchuach Mhuir Chairib, go háirithe i Háití. Trí bhíthin tairbhí faoi CBERA, tá sé beartaithe deiseanna eacnamaíocha a leathnú agus rannchuidiú le réigiún níos cobhsaí agus níos rathúla a bhaint amach.

(11) Ní bheadh tionchar diúltach ag an tarscaoileadh ar gheilleagar an Aontais ná ar chaidreamh trádála an Aontais le tairbhithe an tarscaoilte sin. Thairis sin, tacaíonn an tAontas le gníomhaíochtaí i gcoinne na bochtaineachta agus le gníomhaíochtaí ar son na cobhsaíochta.

(12) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gCoimisiún Eorpach i gComhairle Ghinearálta EDT a bhunú chun tacú leis an iarraidh ó na Stáit Aontaithe an tarscaoileadh a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, ós rud é go mbeidh an tarscaoileadh ina cheangal ar Chomhaltaí EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh ag an gCoimisiún Eorpach thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála tacú le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadófar do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh thíortha agus chríocha Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib faoi *Caribbean Basin Economic Recovery Act* de chuid na Stát Aontaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán